**Aighneacht maidir le scrúduithe Gaeilge na Sraithe Sóisearaí 2022**
**ó An Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge**

A Chara,

Ba mhaith leis *An Gréasán* aiseolas a thabhairt maidir le scrúduithe Gaeilge na Sraithe Sóisearaí 2022. Bheimis thar a buíoch díot as aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas;

## T1 Ardleibhéal

- **Scéim marcála: Iomlán na marcanna don scrúdpháipéar**

Scéim marcála dhifriúil i bhfeidhm do scrúdpháipéar 2022 ón méid a bhí luaite sa pháipéar samplach:

- **Páipéar samplach:**
  Roinn A – 30 marc / Roinn B – 240 marc
- **Scrúdpháipéar na Sraithe Sóisearaí 2022:**
  Roinn A – 45 marc / Roinn B – 225 marc

Thug daltaí suntas dó seo ag tús an scrúdaithe agus bhí sé soiléir dóibh nach raibh scrúdpháipéar 2022 ag teacht leis an méid a bhí feicthe acu ar an bpáipéar samplach agus iad ag ullmhú don scrúdú sa seomra ranga faoi stiúir a gcuid múinteoirí.

- **Scéim marcála: Líon na marcanna i gcás na gceisteanna éagsúla**

Cé go luaitear líon na marcanna do gach ceist ag barr na ceiste ní mór na marcanna a lua taobh le gach focheist. Os rud é nach bhfuil gach ceist ar cómharc tá treoir de dhíth ar dhaltaí maidir le líon na marcanna ionas go n-éireoidh leo iad féin a chruthú go maith ar an lá.

- **An Scrúdpháipéar – leagan amach an pháipéir**

Ní raibh scrúdpháipéar 2022 ag teacht le leagan amach an pháipéir shamplaigh. Chuir a leithéid mearbhall ar dhaltaí os rud é nach raibh leagan amach na gceisteanna ná ábhar na gceisteanna ag teacht leis an méid a bhí á cleachtadh acu ar scoil.

- **Roinn A – An Chluastuiscint:**

Is maith ann é cainteoirí ó dhúchas a bheith le cloisteáil ag daltaí don chluastuiscint. Bhí Mír 3 níos sothuighte agus níos soiléire do dhaltaí ach bhí an luas a bhain le Mír 1 & le Mír 2 an-tapaidh in áiteanna. Bhí na míreanna seo dúshlánach do dhaltaí. Ba mhór an chabhair an tríú héisteacht a bheith ann seachas díreach dhá cheann.

- **Roinn B – Léamh, Ceapadóireacht agus Litríocht:**

**Ceist 4:** Caithfidh ceangal níos fearr a bheith idir an léamhthuiscint agus na ceisteanna. Ceisteanna teibí in áiteanna agus bhí doiléireacht i gceist ó thaobh marcanna de agus an méid a bhí le scríobh. Bhí ar na daltaí fad na bhfreagraí a bhunú ar mhéid na mboscaí. Ní raibh sé soiléir an raibh ar na daltaí samplaí a thabhairt ón léamhthuiscint. An raibh orthu na freagraí a scríobh ina bhfocail féin nó an raibh sé ceadaithe dóibh giotaí a thógáil go díreach ón sliocht? Ba cheart é seo a dhéanamh soiléir do dhaltaí ag tús na ceiste.

**Ceist 4F:** "*Tá do rang ag smaoineamh ar thuras scoile a thabhairt ar Bhrú na Bóinne. Scríobh alt gairid i bhfabhar nó i gcoinne an turais scoile chuig Brú na Bóinne.''*
Ba cheist an-ghinearálta í seo. Ní raibh an treoir seo soiléir a dóthain i leith eolais, aimsir srl agus céard a bhíothas ag súil leis i bhfreagra. É deacair forbairt cheart a dhéanamh ar fhreagra ceal spáis sa bhosca. Cé go bhfuil áit ar chúl an leabhráin d'obair eile is deacair fios a bheith ag daltaí cé mhéad le scríobh nuair nach luaitear líon na marcanna go soiléir taobh leis an gceist. Ba cheart a bheith tuisceanach i leith na ngnéithe seo ar fad os rud é nach raibh an cheist soiléir ann féin.

**Ceist 5: Liosta Téacsanna Dualgais T1 – Gearrscéal – 25 mharc**
Ní heol do dhaltaí conas mar a dháilfí na marcanna sa cheist seo agus an píosa cainte á scríobh acu. Tuilleadh treorach de dhíth maidir le líon na marcanna a bhí le bronnadh ar an ábhar / eolas, ar an stór focal / saibhreas teanga agus ar an nGaeilge (cruinneas / litriú srl). Ba cheart a leithéid a dhéanamh soiléir do dhaltaí roimh ré ar mhaithe le cothrom na féinne a thabhairt dóibh ionas go n-éireoidh leo barr a gcumais a bhaint amach ar lá an scrúdaithe.

**Ceist 6:** Bhí na ceisteanna gramadaí ag teacht leis an méid a bhí á cleachtadh ag daltaí sa rang.

**Ceist 6B:** Ní raibh a leithéid de cheist ar an bpáipéar samplach. Tuilleadh páipéir shamplacha de dhíth le blaiseadh ceart a thabhairt do dhaltaí de na féidearthachtaí éagsúla ar lá an scrúdaithe.

**Ceist 7: Liosta Téacsanna Dualgais T1 – Úrscéal – 40 marc**

Bhí na ceisteanna a bhí ag gabháil leis an úrscéal sa chuid seo den scrúdú cothrom mar cheisteanna den chuid is mó. Mar a luadh i gcás an ghearrscéil ba chóir tuilleadh treorach a thabhairt do dhaltaí maidir le líon na marcanna a bhí le bronnadh ar an ábhar / eolas, ar an stór focal / saibhreas teanga agus ar an nGaeilge (cruinneas / litriú srl) sna ceisteanna éagsúla.

**Ceist 8:** *Scríobh blag dar teideal 'Tábhacht na teicneolaíochta domsa'.*

Ábhar nua-aimseartha, suas chun dáta a bhí sa bhlag. Ba mhór an chabhair an nóta treorach ag an tús i gcás ábhar le lua. Treoir de dhíth ar dhaltaí maidir le líon na marcanna a bhí le bronnadh ar an ábhar / eolas, ar an stór focal / saibhreas teanga agus ar an nGaeilge (cruinneas / litriú srl) agus an blag á scríobh acu. Ní raibh sé soiléir ar cheart cur le líon na bhfocal ina mblag ar chúl an leabhráin nó an raibh dóthain sa bhfreagra a scríobh siad ar leathanach na ceiste. Cruthaíonn sé seo deacrachtaí maidir le bainistiú ama.

**Ceist 9: Foclóir Gaeilge-Béarla**

Ní raibh a leithéid de cheist ar an bpáipéar samplach. Bhí an cheist seo an-dúshlánach do dhaltaí, ceal taithí. Mearbhall orthu ag tabhairt faoi agus chothaigh sé imní agus neamhchinnteacht. Ba chóir ceist dá leithéid a bheith le feiceáil sna páipéir shamplacha. Ní cheart daltaí a bheith á mbaint dá dtreoir ar lá an scrúdaithe, ceal taithí agus ní leor a rá go mbeadh ábhar na gceisteanna ag teacht leis na torthaí foghlama.

**Ceist 10: Liosta Téacsanna Dualgais T1 – Gearrscannán – 25 mharc**

Cé go raibh ceist 10A cothrom mar cheist ní mar sin a bhí i gcás ceist 10B. Deacair marcanna a ghnóthú ar cheist chomh gairid agus ní heol do dhaltaí cad air a bhí na marcanna le bronnadh. Mar a luadh cheana ba chóir tuilleadh treorach a thabhairt do dhaltaí maidir le líon na marcanna a bhí le bronnadh ar an ábhar / eolas, ar an stór focal / saibhreas teanga agus ar an nGaeilge (cruinneas / litriú srl) sna ceisteanna éagsúla. An rabhthas ag súil go mbainfí úsaid as an spás breise ar chúl an leabhráin?

- **Eile**

**1. Cúrsaí Ama –** Is deacair cúrsaí ama a bhainistiú lena leithéid de pháipéar scrúdaithe nuair nach eol do dhaltaí cé chomh fada is a cheart dá gcuid freagraí a bheith nó conas mar a bhronnfaí na marcanna (ábhar / stór focal / cruinneas srl). Tuilleadh treorach de dhíth. Ba cheart go mbeadh daltaí muiníneach as an ullmhúchan atá déanta acu don scrúdú agus níor cheart go mbeadh amhras orthu faoi fhad na bhfreagraí ar an lá.

**2. Easpa Roghanna –** Ba cheart rogha a bheith ar an scrúdpháipéar seachas gach uile cheist a bheith éigeanntach. Thabharfadh tuilleadh roghanna ar an scrúdpháipéar an deis aitheantas a thabhairt don obair ranga ar fad a bhí idir lámha ag daltaí sa dara bliain agus sa tríú bliain. Fágadh roinnt mhaith gnéithe den litríocht ar lár tar éis dóibh am agus dua a chaitheamh leo agus gan an deis acu an obair mhór dhícheallach seo a léiriú sa scrúdú.

**3. Cúrsaí Litríochta –** Tá cúrsa leathan litríochta le clúdach thar thréimhse dhá bhliain chun daltaí a ullmhú don scrúdú. Rinneadh faillí orthu nuair nach raibh ceist ar bith ann ar an bhfilíocht, ar na hamhráin, ar dhráma nó ar an litríocht bhéil / áitiúil tar éis a gcuid oibre ar fad. B’fhearr roghanna breise a bheith ann ar lá an scrúdaithe agus ceisteanna a bheith ar an scrúdpháipéar dírithe ar gach gné den litríocht. Thabharfadh roghanna breise dá leithéid misneach do dhaltaí a d’fhéadfadh a bheith idir dhá chomhairle faoi Ardleibhéal nó Gnáthleibhéal. Más mian linn daltaí a chumasú sa teanga caithfear a chinntiú go dtugann an scrúdpháipéar aitheantas don obair a bhí ar bun acu sa rang.

**4. Torthaí Foghlama –** Is léir ón méid a bhí faoi chaibidil i gceist 9 ar an bhfoclóir nach bhfuil dóthain feola ar na cnámha leis na torthaí foghlama. Tá géarghá le páipéir shamplacha sa bhreis chun daltaí a chur ar a gcompord agus chun a chinntiú go bhfuil siad muiníneach as an ullmhúchán atá déanta acu agus as a gcumas. Cén sórt ceisteanna eile a d’fhéadfadh a bheith rompu a d’fhéadfadh iad a chur dá dtreoir?

**5. Páipéir Shamplacha –** Ba cheart leabhrán de pháipéir shamplacha a bheith curtha ar fáil do dhaltaí ag tús an dara bliain (curtha i dtoll a chéile ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit).

**6. Scrúdú Cainte –** Ba cheart aitheantas a thabhairt do na scileanna teanga i bhfoirm scrúdú cainte oifigiúil don Ghaeilge don tSraith Shóisearach. Ní leor na scileanna seo a mheas i bhfoirm MRB amháin. Leagfadh an taithí ar scrúdú ag an leibhéal seo bunchloch mhaith síos do dhaltaí agus aghaidh á tabhairt acu ar an Ardteist / an tSraith Shinsearach. Ní luíonn sé le réasún gan aitheantas a thabhairt do chumas labhartha na ndaltaí. Ba cheart go mbeadh sé mar sprioc cainteoirí líofa misniúla muiníneacha a chumasú agus aitheantas a thabhairt dá

gcumas sa teanga. Bheadh sé mar spreagadh acu a gcaighdeán a shaibhriú agus a neartú agus bheadh sé le feiceáil acu go raibh luach ar a gcuid iarrachtaí ina leith. Thabharfadh scrúdú cainte oifigiúil breis misnigh do dhaltaí i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelcholáistí araon tabhairt faoin Ardleibhéal sa chás go bhféadfadh go mbeadh an cúrsa leathan litríochta a bheith ina chonstaic dóibh.

## T1 Gnáthleibhéal

1) **Cluastuiscint**

Mar i gceanna leis an Ardleibhéal bhí na míreanna seo dúshlánach do dhaltaí. Ba mhór an chabhair an tríú héisteacht a bheith ann seachas díreach dhá cheann.

2) **Léamhthuiscint**

Bhí an chuid seo sásúil.

3) **Litríocht**

**Ceist 5:** Dán/amhrán - bhí rogha maith ag na scoláirí idir íomha agus mothúchán.

**Ceist 6:** Teanga dhúshlánach sna sliochtanna do dhaltaí gnáthleibhéil. Ag súil go mbéifí tuisceanach i leith na bhfreagraí - casta le freagra cruinn a thabhairt sa chomhthéacs.

**Ceist 7:** Úrscéal – bhí an cheist seo sásúil.

**Eile:**

1) Ní raibh gearrscannán ar bith ar an scrúdú agus bhí an iomarca brú ar mhúinteoirí na gearrscannáin a chlúdach agus na daltaí a bheith ullmhaithe.

2) Bhí níos mó rogha idir na téacsanna litríochta ar an bpáipéar seo (Úrscéal NÓ Dráma) (Dán NÓ Amhrán)

3) Bhí an stór focal dúshlánach go leor ar roinnt ceisteanna do dhaltaí a thug faoin scrúdú seo.

4) Bhí bearna mhór idir gnáthleibhéal T1 agus T2 áfach. Ba cheart go mbeadh rochtain ag gach dalta ar chuid den scrúdpháipéar seo nó caillfear daltaí nach bhfuil 'an-acadúil' (bíodh is go mbeidís in ann an teanga a labhairt) ó na Gaelcholáistí, nuair a thuigtear dóibh go bhfuil an páipéar níos simplí i scoileanna T2, agus nach bhfuil aon cheisteanna litríochta ar an bpáipéar T2.

5) Bhain i bhfad níos mó scríbhneoireachta le páipéar Gnáthleibhéal T1 ná le Gnáthleibhéal T2. D'fhéadfadh impleachtaí móra a bheith ag baint leis seo do scoileanna Gaeltachta / Gaelcholáistí.

## T2 Ardleibhéal

Inár dtuairim bhí an páipéar seo i bhfad ródheacair do dhaltaí T2. Bhí ceisteanna ann nach raibh ar aon dul leis na ceisteanna a bhí ar an bpáipéar samplach. Tá gá le níos mó páipéir shamplacha a chur ar fáil le blaiseadh ceart a thabhairt do dhaltaí de na féidearthachtaí éagsúla ar lá an scrúdaithe. Bhí caighdeán an pháipéir ró-ard freisin. Ní mór a chinntiú go mbeadh an réim teanga cheart aimsithe don spriocghrúpa daltaí seo. Ní raibh an réim teanga ceart aimsithe do dhaltaí atá ag foghlaim na Gaeilge mar dara teanga sa scrúdú seo.

- **Scéim marcála: Iomlán na marcanna don scrúdpháipéar**

Ag teacht leis an méid a luadh maidir le T1 Ardleibhéal

- **Scéim marcála: Líon na marcanna i gcás na gceisteanna éagsúla**

Ag teacht leis an méid a luadh maidir le T1 Ardleibhéal

- **An Scrúdpháipéar – leagan amach an pháipéir**

Ag teacht leis an méid a luadh maidir le T1 Ardleibhéal

- **Roinn A – An Chluastuiscint:**

**Ceist 1, Ceist 2, Ceist 3**

Bhí ceisteanna ann a bheadh ródheacair do na scoláirí mar gheall ar easpa tuisceana agus easpa cleachtadh le linn Covid. Anuas ar sin ba cheart gach mír a chloisteáil faoi thrí. Ní leor dhá uair dóibh.

- **Roinn B – Léamh, Ceapadóireacht agus Litríocht:**

**Ceist 4: Léamhthuiscint**

Bhí an caighdeán anseo dúshlánach go leor. Bhí dhá cheist tuairimíochta ar an bpáipéar seo nuair nach raibh ach ceann amháin ar an bpáipéar samplach. Ní bheadh scoláirí ullmhaithe i gceart anseo. Ní mór ceist a chur an bhfuil sé oiriúnach nach bhfuil ach píosa léamhthuisceana amháin ar an bpáipéar freisin.

**Ceist 5: Úrscéal**

Bhí Ceist 5a, 5b agus 5c oiriúnach. Bhí 5d thar a bheith deacair. Bhí na focail sna treoracha thar a bheith deacair do go leor scoláirí i scoileanna T2. Anuas ar sin, bhí cuid de na pointí urchair sa chuid seo den cheist dúshlánach freisin.

Ní ritheann sé le ciall go mbeadh an pointe uchair "an rud is fearr leat agus an rud is measa leat faoin úrscéal" ann nuair a deir an ráiteas tosaigh "Is carachtar tú féin san úrscéal atá ainmnithe agat". Bheadh sé saorga tagairt a dhéanamh don rud is fearr leat agus an rud is measa leat faoin úrscéal, agus é seo ag teacht ó dhearcadh carachtair sa scéal. Chuirfeadh foclaíocht mar seo mearbhall ar dhaltaí.

**Ceist 6 Gné-alt**

Bheadh an t-ábhar 'Athrú Aeráide' ródhúshlánach do ghnáthscoláire T2 AL. Bheifeá ag súil le ceist mar seo ar Ardteist AL. Bhí 'Lá Ag Siopadóireacht le mo Chairde' níos oiriúnaí mar ábhar don spriocghrúpa daltaí seo.

**Ceist 7 Líon na Bearnaí**

Mar gheall ar iomlán easpa taithí bheadh deacracht ag scoláirí leis an gceist seo. Ní raibh a leithéid ar an bpáipéar samplach. Dá mbeadh taithí ag na scoláirí, bheadh tuiscint acu ar stíl na ceiste.

**Ceist 8**
Thrasnaigh an fhilíocht agus an cheapadóireacht anseo agus gan chleachtadh ní raibh a leithéid de cheist féaráilte. Bhí cuid a agus b den cheist anseo an-dúshlánach do ghnáthscoláirí T2 AL.

Bhí cuma an-saorga ar an gceist seo agus bhí an stíl ceiste ait. Is beag dalta ag an aois sin a mbeadh taithí acu ar a bheith ag aithris dánta ag ócáidí speisialta. Mar sin bheadh sé deacair do dhaltaí comhionannú le ceist mar seo, é a thuiscint mar is ceart agus déileáil leis, go háirithe ag leibhéal T2. Fiú dá dtuigfidís an chiall atá leis an gceist, bheadh sé an-deacair ar dhaltaí T2 an teanga bheith acu míniú a thabhairt ar an bhfáth a mbeadh an dán oiriúnach don ócáid a roghnaigh siad agus gan taithí acu ar a leithid. Níl ceist mar seo oiriúnach do dhaltaí T2. Chuirfeadh cruth na ceiste seo mearbhall ar dhaltaí, agus iad a chur as treoir don cheist iomlán. Níl sé cothrom ar dhaltaí iad a chur as riocht mar seo.

Bhí na trí phointí urchair eile níos oiriúnaí ach le cruth na ceiste seo, bheadh ceist ann faoi ábaltacht na scoláirí tabhairt faoi.

**Ceist 9** **Gramadach**
Cuid a - Mar gheall ar easpa taithí bheadh deacracht ag scoláirí leis an gceist seo. Ní raibh a leithéid ar an bpáipéar samplach. Dá mbeadh taithí ag na scoláirí, bheadh tuiscint acu ar stíl na ceiste.

Cuid b – Bhí an chuid seo mí-oiriúnach, míshásúil agus mhífhéaráilte mar cheist. Bhí cuma an-saorga ar an gceist seo agus bheadh deacrachtaí móra ag daltaí T2 déileáil le ceist mar seo. Níor chóir a leithéid de cheist teacht aniar aduaidh ar aon scoláire.

**Ceist 10** **Gearrscéal**
Ceist a – Bhí an cheist seo oiriúnach.
Ceist b – Mar gheall ar easpa taithí na scoláirí bheadh an cheist seo deacair dóibh. Bheadh deacrachtaí ag roinnt mhaith scoláirí a thuiscint cad é a bhí le déanamh sa cheist, agus le tuiscint go raibh marc le bronnadh. Chothódh an easpa tuisceana sin deacrachtaí orthu fáthanna a thabhairt freisin.

**Eile**

1. **Cúrsaí Ama** – Is deacair cúrsaí ama a bhainistiú lena leithéid de pháipéar scrúdaithe nuair nach eol do scoláirí cé chomh fada is a cheart dá gcuid freagraí a bheith nó an chaoi mar a bhronnfaí na marcanna (ábhar / stór focal / cruinneas srl). Tuilleadh treorach de dhíth. Ba cheart go mbeadh scoláirí muiníneach as an ullmhúchán atá déanta acu don scrúdú agus níor cheart go mbeadh amhras orthu faoi fhad na bhfreagraí ar an lá nó an méid ama gur chóir dóibh caitheamh ar aon cheist.

2. **Easpa Roghanna** – Ba cheart rogha a bheith ar an scrúdpháipéar seachas gach uile cheist a bheith éigeantach. Thabharfadh tuilleadh roghanna ar an scrúdpháipéar an deis aitheantas don obair ranga ar fad a bhí idir lámha ag scoláirí sa dara bliain agus sa tríú bliain. Fágadh gnéithe den litríocht ar lár tar éis dóibh am agus dua a chaitheamh leo agus gan an deis acu an obair mhór dhícheallach seo a léiriú sa scrúdú.

3. **Cúrsaí Litríochta** – Tá cúrsa leathan litríochta le clúdach thar thréimhse dhá bhliain chun scoláirí a ullmhú don scrúdú. Rinneadh faillí orthu nuair nach raibh ceist ar gach cuid den litríocht. B’fhearr roghanna breise a bheith ann ar lá an scrúdaithe agus ceisteanna a bheith ar an scrúdpháipéar dírithe ar gach gné den litríocht. Thabharfadh roghanna breise dá leithéid misneach do scoláirí a d’fhéadfadh a bheith idir dhá chomhairle faoi Ardleibhéal nó Gnáthleibhéal. Más mian linn scoláirí a chumasú sa teanga caithfear a chinntiú go dtugann an scrúdpháipéar aitheantas don obair ar fad a bhí ar bun acu sa rang.

4. **Torthaí Foghlama** – Is léir ó na ceisteanna ar fad nach bhfuil dóthain feola ar na cnámha leis na torthaí foghlama. Tá géarghá le páipéir shamplacha sa bhreis chun scoláirí a chur ar a gcompord agus chun a chinntiú go bhfuil siad muiníneach as an ullmhúchán atá déanta acu agus as a gcumas. Cén sórt ceisteanna eile a d’fhéadfadh a bheith rompu a d’fhéadfadh iad a chur dá dtreoir amach anseo?  Níl sé seo sásúil in aon chor.

5. **Páipéir Shamplacha** – Ba cheart leabhrán de pháipéir shamplacha a bheith curtha ar fáil do scoláirí ag tús an dara bliain (curtha i dtoll a chéile ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit). Ba choir go mbeadh aon cheist a d’fheadfadh teacht suas ar an bpáipéar  a bheith clúdaithe anseo agus nach dtiocfadh aon

cheist aniar aduaidh ar aon scoláire. Níl sé ceart go mbeadh aon scoláire ag ceapadh nach féidir leo tabhairt faoi cheist ar lá scrúdaithe.

6. **Scrúdú Cainte** – Ba cheart aitheantas a thabhairt do na scileanna teanga i bhfoirm scrúdú cainte oifigiúil don Ghaeilge don tSraith Shóisearach. Ní leor na scileanna seo a mheas i bhfoirm MRB amháin. Leagfadh an taithí ar scrúdú ag an leibhéal seo bunchloch mhaith síos do dhaltaí agus aghaidh á tabhairt acu ar an Ardteist / an tSraith Shinsearach. Ní luíonn sé le réasún gan aitheantas a thabhairt do chumas labhartha na scoláirí. Ba cheart go mbeadh sé mar sprioc cainteoirí líofa misniúla muiníneacha a chumasú agus aitheantas a thabhairt dá gcumas sa teanga. Bheadh sé mar spreagadh acu a gcaighdeán a shaibhriú agus a neartú agus bheadh sé le feiceáil acu go raibh luach ar a gcuid iarrachtaí ina leith.

7. **Oiriúnacht na scrúdaithe seo do dhaltaí T2** - D'fhág roinnt mhaith scoláirí an scrúdú seo agus iad in ísle brí agus mearbhall orthu i ndiaidh dóibh an scrúdú seo a shuí. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an gcóras measúnachta spéis agus muinín sa Ghaeilge a chothú agus daoine óga a chumasú le bheith in ann an teanga a úsáid, ní lagmhisneach a chur orthu agus muinín agus suim sa Ghaeilge a chreimeadh. Tá sé de thábhacht freisin go mbeadh an réim teanga cheart aimsithe sna scrúduithe. Ba cheart go mbeadh an réim teanga sa scrúdú T2 Ardleibhéal ag leibhéal atá réalaíoch do dhaltaí atá ag foghlaim na teanga mar dhara teanga ag an aois sin. Ba cheart go mbeadh na treoracha sna ceisteanna intuigthe agus go mbeadh daltaí ábalta iad a láimhseáil. Ba cheart go mbeadh na tascanna suimiúil, spreagúil, go mbainfidís le saol agus le suimeanna na ndaltaí, agus nach mbeadh na tascanna saorga nó áiféiseach. Níl an páipéar seo ag teacht leis an méid seo.
Ba cheart féachaint go mion arís ar na sainriachtanais atá ag an dalta T2 ó thaobh foghlaim teanga de, agus sonraíochtaí agus measúnuithe a fhorbairt a fhreastalaíonn i gceart ar na sainriachtanais sin. Ní mór tascanna a chumadh ag leibhéal atá réadúil don spriocghrúpa daltaí seo atá ag foghlaim na Gaeilge mar dhara teanga.

## T2 Gnáthleibhéal

**Ceist 1-3 Cluastuiscint**

Ba mhór an chabhair an tríú héisteacht a bheith ann seachas díreach dhá cheann.

Ba cheart féachaint an mbeadh sé níos oiriúnaí dá mbeadh rianta fuaime difriúla ann do lucht gnáthleibhéil agus do lucht ardleibhéil, ionas go mbeadh tuiscint níos fearr ag daltaí gnáthleibhéil ar cad atá siad ag éisteacht leis.

**Ceist 4 Léamhthuiscint**

Bhí an chuid seo sásúil.

**Ceist 5 Fógra**

Tá seans ann go mbeadh mearbhall ar roinnt daltaí maidir leis an gceist seo.

Sa chéad chuid deir sé: "Scríobh teachtaireacht chuig cara leat ag insint dó/di faoi chuairt Sam Bennett ar an siopa."

Tá gach seans ann go sílfeadh roinnt daltaí go raibh siad le cur síos a dhéanamh ar an gcuairt san aimsir chaite.

Sa chéad abairt eile deir sé "Tabhair cuireadh dó/di teacht leat chun bualadh leis."

Do dhaltaí gnáthleibhéil ba cheart go mbeadh na treoracha sna ceisteanna níos simplí, níos cruinne agus níos soléite ionas go dtuigfeadh scoláirí an tasc atá le comhlíonadh acu. Tá sé tábhachtach go mbeadh rochtain ag gach dalta ar na ceisteanna.

**Ceist 6 Léamhthuiscint**

Bhí an chuid seo sásúil.

Do (j) ní bheadh daltaí ullmhaithe i gceart don chuid seo ceal easpa samplaí den chineál seo ceiste bheith ar fáil roimh ré agus gan ach páipéar samplach amháin ar fáil. Ba cheart go gcuirfear in iúl ar bhealach níos soiléire do dhalta gnáthleibhéil, ag úsáid cló dubh mar shampla, go mbaineann an cheist seo le tuairim an dalta.

**Ceist 7 Léamhthuiscint & Scríbhneoireacht**

Bhí an téacs sa chuid seo thar a bheith dúshlánach do dhalta gnáthleibhéil. Ba cheart go mbeadh an réim teanga cheart aimsithe sa téacs ag leibhéal atá inláimhsithe do dhalta gnáthleibhéil T2. Tá an t-ábhar atá luaite ann ródhúshlánach do dhalta gnáthleibhéil freisin.

**Ceist 7(g):** Tá cuma ait ar an gcuid seo. Bheifeá ag súil go mbeadh leanúnachas ann leis an gcéad chuid agus leis an dara chuid, mar shampla go mbeadh ceist ann agus freagra na ceiste, ní píosa eolais atá go hiomlán difriúil. Chuirfeadh sé seo mearbhall ar dhaltaí gnáthleibhéil áirithe.

**Ceist 7(h):** Bheadh an cheist seo dúshlánach do dhaltaí ceal easpa samplaí den chineál seo ceiste bheith ar fáil roimh ré agus gan ach páipéar samplach amháin ar fáil. Bheadh deacrachtaí ag daltaí gnáthleibhéil na pointí urchair "pointe amháin faoi fhadhb an bhruscair i do cheantar" agus "rud amháin a dhéantar chun an bruscar a ghlanadh suas" a láimhseáil ag an leibhéal seo.

**Ceist 8**

Tá an cheist seo oiriúnach.

**Ceist 9**

Tá an cheist seo oiriúnach.

**Eile:**

Ní mór freastal ceart a dhéanamh ar na daltaí a bhíodh ag suí an páipéar bonnleibhéil roimhe seo, ní léir go bhfuil freastal ceart ann do na daltaí seo leis an bpáipéar seo.

Ní mór féachaint ar na sainriachtanais atá ag daltaí T2 gnáthleibhéil, agus a chinntiú go bhfuil na tascanna uilig oiriúnach agus spreagúil don spriocghrúpa daltaí seo.

Ní mór a chinntiú go bhfuil an réim teanga sna treoracha do gach ceist ag leibhéal atá oiriúnach don spriocghrúpa daltaí seo.

**An Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge 2022**

eolas@angreasan.ie

https://angreasan.ie/